

TOMÁS BUIDHE Ó NÉILL

Séard a bhí ann fear agus bhíodh neach a' teacht chomh fada leis san oidhche agus a rádh leis dhá dteigheadh sé chomh fada le Ruibhéar Buidhe Luimnigh go bhfaighfeadh sé pota óir ann. Ach réidhtigh sé é féin amach ansoin agus níor stop sé go ndeachaidh sé go Luimneach. Thosuigh sé siubhal síos agus suas le taobh na habhann agus ní raibh an duine fein dá fheiceál aige. Chaith sé trí lá a'siubhal leis an abhainn agus níor casadh aon bhlas leis. An tríomhadh lá tháinig fear go dtí é. "Feicim thú" adeir sé "le trí lá a'siubhal thart anseo, nó an misde dhom fiarrughadh céard tá tú thóruigheacht." "Ní misde" adeir Tomás. "Neach a bhí a' teacht chomh fada liom agus ní raibh sé ag tabhairt aon suaimhneas dhom ach a rádh liom a dhul go Ruibhéar Buidhe Luimnigh agus go bhfaghainn pota óir ann." "Ná raibh an táth orrthab mar neachanna" adeir an fear seo "tá ceann acab a' teacht go dtí mise le seacht mbliana a rádh liom a dhul go Conamara go tigh Thomás Buidhe Ó Néill agus go bhfaighinn pota óir faoi bhun crainn atá ag fás ag binn a thighe."

Ní dhearnaidh Tomás mórán cainte leis ní ba mhó ach thosuigh a' déanamh an bhealach abhaile nó go dtáinig sé agus chart faoi bhun an chrainn agus chuir sé aníos pota óir ó bhun an chrainn. Bhí sé saidhbhir de bharr a raibh de ór ann.

Bhí clár ar a' bpota a raibh sgríobh air agus bhí sé cinnt ar aon duine dá raibh thart san áit aon mheabhair a bhainnt as an sgríobh. Ach chuaidh fear siubhail lá thart a bhí an-fhoghlumtha agus tháinig sé isteach tigh Thomáis Uí Néill. Chonnaic sé clár an phota agus thug sé faoi deara go raibh an sgríbhneoireacht déanta agus rug sé air agus thosaigh sé dhá léigheamh. "Is simplidhe an rud," adeir sé le Tomás Ó Néill "atá sgríobhtha ar chlár an phota sin." "Céard tá sgríobhtha air?" adeir Tomás. "Tá sé ráidhte air" adeir sé "nach bhfuil fhios cé 's fearr an taobh seo den sgeitheach ná an taobh eile. Chuaidh Tomás amach agus thug sé leis láidhe agus chart sé an taobh eile den chrann, agus chuir sé aníos an pota óir. Thug sé oiread den airgead don fhear bocht agus rinne sé maith dhó aríst fad is bhí sé beo. Bhí se féin an-tsaibhir agus a chlann ina dhiadh.